Alt

13-06-2017 - 18:48
Uimhir Thagartha: 20170612STO77246

Parlaimint na hEorpa

# An Clár Erasmus+ 30 bliain ar an bhfód: ceiliúradh sa Pharlaimint

**Tá an clár Erasmus ag cur le beatha mhuintir na hEorpa le 30 bliain anuas. Rinneadh 30 bliain an chláir a cheiliúradh ag ócáid sa Pharlaimint in Strasbourg an 13 Meitheamh.**

Ó 1987, tá maoiniú curtha ar fáil ag an Aontas Eorpach don chlár Erasmus+, clár a thug an deis do níos mó ná naoi milliún mac léinn as ceann ceann na hEorpa seal a chaitheamh in institiúid ardoideachais eile nó le heagraíocht ar an gcoigríoch.

Tá fianaise ann go mbíonn tionchar dearfach ag an gclár Erasmus+ ar dheiseanna fostaíochta ina dhiaidh sin. Is deis é freisin chun feabhas a chur ar do chuid scileanna teanga, chun féinmhuinín agus neamhspleáchas a chothú agus chun tú féin a thumadh isteach i gcultúr nua.

Déanfar 30 bliain an chláir a cheiliúradh ar fud an Aontais Eorpaigh: tionólfar comhdhálacha, fóraim, díospóireachtaí agus taispeántais sna ballstáit uilig. Rinneadh an ócáid a cheiliúradh ag searmanas bronnta i bParlaimint na hEorpa in Strasbourg an 13 Meitheamh chomh maith. Chuir Uachtarán na Parlaiminte Antonio Tajani agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Jean Claude Juncker fáilte roimh iar-rannpháirtí amháin as na tíortha ar fad a ghlacann páirt sa scéim.

*" Ba chóir do mbeadh Erasmus ar fáil do gach duine óg san Eoraip, beag beann ar an oideachas a cuireadh orthu nó ar ioncam a dteaghlach "*

Antonio Tajani, Uachtarán na Parlaiminte

Ag labhairt dó ag an searmanas in Strasbourg, dúirt an tUasal Tajani: “Ba chóir do mbeadh Erasmus ar fáil do gach duine óg san Eoraip, beag beann ar an oideachas a cuireadh orthu nó ar ioncam a dteaghlach. Caithfear, mar sin, buiséad AE a chur ar fáil leis na hacmhainní is gá. Agus trí mhaoiniú Erasmus a mhéadú, is féidir óg-dhífhostaíocht a laghdú freisin.”

Sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha (2014-2020) cuireadh €14.7 billiún ar fáil don chlár Erasmus, méadú 40% i gcomparáid leis an gcreat roimhe sin.

Ag labhairt di in Strasbourg an 13 Meitheamh, dúirt cathaoirleach an choiste um chultúr Petra Kammerevert: "Dúirt iar-uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Jacques Delors fadó 'Ní féidir leat titim i ngrá leis an margadh aonair'. Measaim go raibh láncheart aige. Sin an t-athrú a bhfuilimid ag iarraidh a dhéanamh leis an gclár seo, agus a thaispeáint gur é an aidhm ná daoine a thabhairt le chéile."

*Caith súil ar an bhfíseán thuas chun tuilleadh a fhoghlaim.*

## Tuilleadh faisnéise

An seisiún iomlánach an 13 Meitheamh 2017
An clár Erasmus+
Ceiliúradh 30 bliain
Ábhar reachtach
Ábhar clósamhairc




**Portráidí den Ghlúin Erasmus**
https://www.europarltv.europa.eu/en/programme/society/portraits-of-the-erasmus-generation




**Erasmus+**
http://www.europarltv.europa.eu/en/player.aspx?pid=5732f33a-e9e5-4754-80f3-a6ab00e774c1



**Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide**
Parlaimint na hEorpa - Urlabhraí: Jaume Duch Guillot
Teagmháil: webmaster@europarl.eu